



## OIFIGH CHLÉIREACHAIS FOSTAITHE I SCOILEANNA NÁISIÚNTA AGUS I MEÁNSCOILEANNA (Scéim 1978)

### CÁILÍOCHTAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

#### CÁILÍOCHTAÍ

1. Carachtar:  
Ní mór dea-cháil a bheith ar an uile fhostaí.
2. Aois:  
Ní mór do gach fostaí éirí as obair nuair a sroicheann sé/sí aois 65 bliana.
3. Oideachas:  
Ní mór do gach iarrthóir grád D (nó pas) a bheith bronnta air/uirthi sna hábhair Mata, Béarla agus Gaeilge i Scrúdú Meánteistiméireachta na Roinne Oideachais nó i Scrúdú Teastais na nGairmchúrsaí Lae nó i scrúdú comhionann.
4. Sláinte:  
Ní mór do gach iarrthóir a bheith saor ó mháchail ar bith nó ó ghalair ar bith a dheimhneodh a m(h)í-oiriúnacht chun a bheith i seilbh oifige agus ní mór dó/di a bheith ina leithéid de bhail sláinte a thabharfadh le fios go mbeifí in ann seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar.

#### COINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

1. Is post lán-aimseartha é.
2. Tá an tuarastal a ghabhann leis an bpost leagtha amach sna scálaí tuarastail a ghabhann leis seo. Bronntar incrimint nuair a bhíonn an tréimhse phromhaidh istigh (tar éis seirbhís shásúil bliana). Bronntar tuilleadh incrimintí go bliaintiúil go dtí go sroichtear uasphointe an scála.

3. Tá ballraíocht i Scéim Phinsin Ranníocaigh agus i Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí riachtanach le haghaidh gach fostaí lán-aimseartha ceapaithe le faomhadh an Aire Oideachais agus Scileanna do phost cléireachais i mbunscoil nó i meánscoil. Tá tuilleadh eolais faoi na scéimeanna seo ar fáil ó na Meamraim Mhíniúcháin 1 agus 2 a eisítear ar gach oifigeach cléireachais lánaimseartha nuacheaptha.
4. Seachtain 41 uair an chloig, le 1.25 uair an chloig le haghaidh béilí (seachtain oibre 34.75 uair an chloig), na huairéanta an chloig ar dualgas le bheith cinntithe ag an údarás fostaíochta, ag brath ar bheith ar dualgas gach lá ag am nach déanaí ná a 10.00am.
5. Beidh an fostaí ar promhadh go dtí go mbeidh bliain seirbhíse curtha isteach aige/aici. Ag deireadh na tréimhse promhaidh féadfaidh an t-údarás fostaíochta a chinneadh go mbeidh an ceapachán dearbhaithe, go mbeidh síneadh ama curtha leis an tréimhse phromhaidh nó go mbeidh an tseirbhís foirceanta. Ní bhronnfar incrimint muna ndearbhítear an ceapachán.
6. Tá treoirlínte maidir leis na dualgais atá oiriúnach don ghrád i gceangal leis seo (aguisín A an mheamraim seo).
7. 20 lá saoire bliantúla, mar aon le laethanta saoire náisiúnta agus Aoine an Chéasta ach gan laethanta saoire eaglasta san áireamh. Tá dhá lá faoi phribhléid ceadaithe, ceann amháin le bheith tógtha ag aimsir na Nollag agus an ceann eile ag aimsir na Cásca. Ní mór na laethanta seo a thógáil ar an lá oibre díreach roimh nó i ndiaidh an dá shaoire phoiblí.
8. Cuirfear deireadh leis an gceapachán ach foláireamh míosa i scríbhinn a bheith curtha ar fáil ag ceachtar den dá thaobh, ach amháin sna cúinsí a shamhlaítear in alt a 4.
9. Tá saoire bhreiteachta, saoire mháithreachais agus rialacháin shaoire speisialta leagtha amach in Aguisín B den mheamram seo.
10. Is í an scoil an ghnáth-áit oibre.
11. Bítear ag súil le discríd i nithe tostaobhacha.

Tá na coinníollacha thuasluaite léite agam agus aontaím dualgais an phoist a chomhlíonadh de réir mo bhreithiúnais agus mo chumais.

**SÍNITHE:** \_\_\_\_\_  
(Oifigeach Cléireachais)

**DÁTA:** \_\_\_\_\_

(Is ceart an doiciméad seo a bheith coinnithe ag an Údarás Fostaíochta)

## AGUISÍN A

### OBair OIRIÚNACH DO PHOST OIFIGIGH CHLÉIREACHAIS

Na dualgais atá oiriúnach don phost agus a shannfaidh an t-údarás fostaíochta ó am go ham lena n-áirítear:

#### Doiciméid a sheiceáil agus a scrúdú:

Gnáthdoiciméid, cuntasáocht, foirmeacha iarratais, éilimh a sheiceáil agus a ainilísiú ó thaobh cruinnis agus leanúnachais de agus a chinntiú go gcloítear le rialacháin, téarmaí conartha agus coinníollacha bunúsacha.

#### Comhfhreagras a dhréachtadh etc.:

Gnáthmhiontuairiscí, litreacha, meamraim agus rl ina mbeidh eolas fíorasach a dhréachtadh, ag cloí le cleachtas seanbhunaithe.

Foirmeacha, miontuairiscí, litreacha, iarratais etc. ina lorgaítear nó ina dtugtar buneolas fíorasach a chomhlánú agus a eisiúint.

Ainilísiú agus/nó coimre a dhéanamh ar ábhar bunúsach.

Orduithe agus foréilimh a ullmhú le bheith sínithe ag leibhéal níos airde.

#### Obair chuntasaíochta lena n-áirítear tuarastal, tiomsú pá, íocaíocht phá agus thuarastail agus láimhseáil airgid:

Oibríochtaí uimhríochtúla a dhéanamh agus/nó a sheiceáil i gcomhréir le treoracha ríshoiléir, cóid agus foirmlí, lena n-áirítear cásanna ina gcumhdaíonn na treoracha, etc., bíodh go mbíonn siad soiléir agus cruinn, oibríochtaí atriallacha níos casta.

Gnáthchuntais a réiteach agus a chomhardú ag teacht le sainchleachtais e.g. leabhar airgid.

Glacadh le hairgead tirim, eisiúint sóinseála agus admháil fála, agus idirbhearta beaga airgid thirim a thaifeadh agus a chomhardú e.g. costais theagmhasacha.

Tuarastail a íoc le hairgead tirim nó le seic.

Seiceanna a ullmhú i gcomhréir le treoracha chun íochta, mórleabhair, etc.

#### Staitisticí.

Staitisticí, lena n-áirítear obair níos casta dá leithéid, a ullmhú.

Teagmhálacha Pearsanta:

Teagmhálacha pearsanta (lena n-áirítear teagmhálacha fóin) le daoine den phobal.

Eolas a achoimriú:

Eolas a bhaint agus a achoimriú, de réir chleachtais atá soiléir agus seanbhunaithe e.g. meastacháin chostas agus tuairisceán a ullmhú.

Clóscríbhneoireacht:

Clóscríbhneoireacht/próiseáil focal nuair is gá.

Ginearálta:

An post a oscailt agus a dháileadh, stáiseanóireacht na hoifige a ordú agus a riaradh, etc.

Gléasanna Oifige a oibriú:

Gléasanna oifige, ina measc gléasanna suimithe, áireamháin, gléasanna cuntasáíochta leictrimheicniúla agus gléasanna fótachóipeála a oibriú.

Dualgais chléireachais eile:

Fardal de threalamh na scoile a thairfeadh agus a chomhdú agus a riaradh.

Cuirfear na dualgais seo i gcrích i gcomhréir le treoracha dualgas a cuireadh in iúl. Féadfaidh dualgais chomhchosúla eile a bheith i gceist.

## AGUISÍN B.

### RIALACHÁIN SHAOIRE BREOITEACHTA

Féadfar pá iomlán (lúide asbhaintí cuí maidir le sochair leasa shóisialta) a cheadú le linn neamhláithreachtaí breoiteachta, taobh istigh de na teorainneacha seo a leanas, in aon tréimhse de sheirbhís dhá mhí dhéag.

- (a) Pá breoiteachta ar an ráta iomlán le haghaidh tréimhse suas go dtí 6 seachtaine (42 lá) in aon tréimhse de sheirbhís 12 mhí, tar éis seirbhís leanúnach 3 mhí.
- (b) Pá breoiteachta ar an ráta iomlán le haghaidh tréimhse suas go dtí 9 seachtaine (63 lá) in aon tréimhse de sheirbhís 12 mhí, tar éis seirbhís leanúnach 6 mhí.
- (c) Pá breoiteachta ar an ráta iomlán le haghaidh tréimhse suas go dtí 13 seachtaine (91 lá) in aon tréimhse de sheirbhís 12 mhí, tar éis seirbhís leanúnach 12 mhí.

Ní cheadófar aon phá breoiteachta le linn na chéad trí mhí de sheirbhís.

Ní mór teastas dochtúra a chur ar fáil don údarás fostaíochta ar an tríú lá ar a dhéanaí, i ngach cás de neamhláithreacht leanúnach. De ghnáth, ní cheadófar tréimhse níos faide ná seachtain amháin ar aon teastas dochtúra amháin. Nuair a shíneann neamhláithreacht bhreoiteachta ón Aoine go dtí an Luan agus an dá lá sin san áireamh, i gcás oifigigh chléireachais a oibríonn ó Luan go hAoine, ní mór teastas dochtúra a chur ar fáil agus ní mór cur isteach ar Shochar Míchumais.

Meabhraítear d'Oifigigh Chléireachais go dtógfar a sláinte agus méid agus patrún a saoire breoiteachta san áireamh agus iad á meas le haghaidh dhaingniú ceapacháin (má tá siad ar promhadh). Ní féidir glacadh leis an oifigeach chléireachais atá i gceist mar iarrthóir oiriúnach, má tá ceann ar bith de na gceithe seo míshásúil.

Beidh ceadú na saoire breoiteachta ag brath ar na coinníollacha seo a leanas:

- (i) go gcuirtear teastas dochtúra cuí ar fáil;
- (ii) nach bhfuil fianaise ar bith ann a léiríonn míchumas leanúnach le haghaidh seirbhíse.

Nuair a chuirtear deireadh le pá breoiteachta toisc an uasteorainn a bheith imithe as feidhm, ní cheadaítear é a atosú le linn na tréimhse céanna neamhláithreachta. Ní áirítear saoire bhreoiteachta gan phá mar sheirbhís incháilithe le haghaidh tuilleadh saoire breoiteachta le pá.

Saoire bhreoiteachta gan teastas dochtúra

Ceadaítear saoire bhreiteachta de neamhláithreachtaí aon lae nó dhá lá, nach faide ná seacht lá i dtréimhse dhá mhí dhéag, gan teastas dochtúra. Asbhainfear an bhreis ó liúntas saoire an oifigh chléireachais don bhliain reatha, má sháraíonn líon na neamhláithreachtaí seacht lá ina iomláine, ag comhaireamh siar ó dháta na neamhláithreachta deireanaí nó ó shaoire bhreiteachta na bliana dar gcionn má tá liúntas na bliana reatha ídithe.